# ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHONTAE LAOISE

# LAOIS LOCAL AUTHORITIES

## SCÉIM NA GAEILGE
## 2009-2012

## IRISH LANGUAGE SCHEME
## 2009-2012

*Nollaig, 2009.*
*December, 2009.*

# AN CLÁR

Caibidil 1 - Brollach agus Cúlra

Caibidil 2 - Achoimre ar na Seirbhísí á soláthar agus leibhéil cumais na Gaeilge

Caibidil 3 - Na h-Aidhmeanna atá ag Údaráis Áitiúla Laoise i leith Scéim na Gaeilge

Caibidil 4 - Fógairt, Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú na Scéime

## CAIBIDIL a 1

### *Brollach agus Cúlra*

Ar son aidhmeanna na Scéime seo sé atá i gceist le h-Údaráis Áitiúla Laoise ná Comhairle Chontae Laoise, Comhairle Bhaile Phort Laoise agus Comhairle Bhaile An Mhóinteach Mílic.

Tá Scéim Theanga na Gaeilge ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla Laoise de réir Rannóg a 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Treoirlínte a ghabhann leis eisithe ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. h-Eisíodh fógra rúin faoi scéim d'ullmhú de réir Rannóg 13 (1) (a) an Achta ins na páipéir áitiúla, agus ar www.laoiscoco.ie ar an 14ú lá de Márta 2007.

Tuigeann Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn ins an teanga is rogha leo agus tabharfar gach áis dóibh ina gcuid caidrimh linne, chomh fada agus is féidir, bíodh sé sin trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla. Ceann de phríomh aidhmeanna le Scéim na Teanga seo a dheimhniú go bhfuil caighdeáin na seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge níos airde mar gurab í an chéad teanga oifigiúil na Tíre seo í.

Tá léargas gairid ar na seirbhísí á soláthar ag Údaráis Áitiúla Laoise agus ar leibhéal na seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge, trí Bhéarla nó dátheangach faoi iamh san Scéim seo.

Tá seirbhísí áirithe go bhfuil gach custaiméir ina dteideal de réir fhorálacha a théann i bhfeidhm go díreach ó Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, eadhon freagra trí Ghaeilge ar chomhfhreagras as Gaeilge, foilseacháin ar fáil as Gaeilge, eadhon An Tuairisc Bhliantúil.

Tá na cearta seo cosanta san Acht thuasluaite, agus nílid athluaite ins an Scéim seo. Beartaíonn an Scéim seo ar fheabhas a chur ar sheirbhísí eile as Gaeilge, agus tá na cinn thuas á lorg de réir dlí ón gComhairle, neamhspleách ar an Scéim seo.

**Dáta Tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh sé ar an 1ú lá Nollaig 2009 agus beidh se i bhfeidhm ar feadh trí bhliana ón dáta sin, nó go mbíonn Scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Rannán 15 de Acht na dTeangacha Oifigiúla, pé acu is túisce.

**Léir-dhearcadh ar Laois**

Tá achar de 1,719 km 2 agus daonra de 67,059 sa chontae de réir an daonáirimh is déanaí. Siad na trí h-haonaid phríomha rialtais áitiúil laistigh den chontae ná:

| | |
|---|---|
| Comhairle Chontae Laoise | 25 Ball Tofa |
| Comhairle Baile Phort Laoise | 9 mBall Tofa |

**Straitéis Chorparáideach**
Tá an Straitéis Chorparáideach leagtha amach ins an Plean Corparáideach 2004 – 2009.

**Ráiteas Misin**
"Soláthróimid ceannasaíocht, forbróimid, caomhnóimid agus rialóimid ár gContae agus déanaimid seachada ar seirbhísí poiblí de ard chaighdeán a neartóidh caighdeán beatha an phobail"

**Bun Luacha**
Tá ár mbun luacha ag teacht ó phrionsabail an dea-rialtais áitiúil agus táid i gcroílár ár ngníomhartha uile. Táid mar bhunsraith ar ár sainordú ceannasaíocht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach, agus éifeachtach ó thaobh costais de a sholáthar, chomh maith. Tá dlúth-bhaint ag na bun luacha seo a leanas le cur chun cinn na Gaeilge ag Comhairle Chontae Laoise:

- **Údarás Daonlathach/Freagracht**

Tá rún daingean ag an Chomhairle a cuid ghníomhaíochtaí uile a sheoladh i gcomhthéacs a shainordú daonlathaigh go cothrom, go h-oscailte agus go freagrach ag braith ar riachtanais dleathacha, chearta agus reachtúla.

- **Idirghabháil an Phobail/Daonlathas Áitiúil**

Tá rún daingean ag an Chomhairle daonlathas a chur chun cinn agus a chothú atá láidir, éifeachtach agus uile-pháirteach trí dhul i gcomhairle leis an bpobal go fírinneach agus trí eolas a scaipeadh faoina próiseas uile chun teacht ar chinneadh agus trí idirghabháil éifeachtach le Fóram Pobal Laoise.

- **Seirbhís do Chustaiméirí**

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag díriú ar sheirbhís a sholáthar atá de ard chaighdeán, éifeachtach ó thaobh costais de, uile ghabhálach, cairdiúil, a fhreagróidh agus a bheidh insroichte do riachtanais ár gcustaiméirí agus ár gcathróirí.

- **Iniamh Sóisialta**

Tá rún daingean ag an Chomhairle iniamh sóisialta agus caighdeán na beatha a chur chun cinn dá saoránaigh uile agus a cuid seirbhísí a seachada a thugann ceann de riachtanais sonracha iad san a mhothaíonn mí-bhuntáiste nó eisiamh sóisialta.

- **Cothromaíocht agus meas ar an éagsúlacht**

Tá meas ag an Chomhairle ar an gcothromaíocht agus tá rún daingean aice, mar fhostóir agus mar sholáthraí seirbhísí, í a chur i bhfeidhm. Tá meas ag an Chomhairle ar an éagsúlacht agus is mór léi agus meas aice ar chultúir agus ar thraidisiúin iad san uile a chónaíonn i gContae Laoise.

## Príomh Ionaid Teagmhála Custaiméara

Tá na príomh ionaid seirbhíse do Údaráis Áitiúla Laoise ag Áras an Chontae, Port Laoise agus ag na h-Oifigí Ceantair i bPort Laoise, i mBuiríos Mór Osraí, san Sráidbhaile, i gCúl a' tSúdaire, i nGráig Uí Chuilinn agus i Móinteach Mílic. Tá gréasáin de leabharlainne, chomh maith, timpeall an Chontae go bhfuil teagmháil fhorleathan le custaiméirí acu. Ta teagmháil ag ar bhfoireann ag iostaí na Comhairle lenár gcustaiméirí, chomh maith.

Bíonn idirghabháil ag an Chomhairle leis le réimse leathan de Rannóga Rialtais, le Gníomhaireachta Stáit, le Páirtithe Sóisialta, le h-Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla, le Grúpaí Gnó agus Pobail, le Cumainn Áitreabhacha agus araile. Tá úsáid fhorleathan agus méadaithe á bhaint as an Idirlíon ag an Chomhairle chun déileáil lena custaiméirí. Beidh sé seo ina mheán an-tábhachtach i leith chur chun cinn na Gaeilge i Laois sa todhchaí.

## Taighde atá Déanta

Nuair a bhíothas ag ullmhú na Scéime seo baineadh úsáid as próiseas comhairliúcháin a thóg san áireamh:

1. Aighneachtaí a lorg ón bpobal ar ullmhúchán na Scéime. Ní bhfuarthas aon cheann.
2. Iniúchadh inmheánach de fhoirmeacha, de bhileoga, de bhróisiúir agus araile ar fáil as Gaeilge, as Béarla nó dátheangach ó gach roinn.
3. Suirbhé inmheánach de fhoireann Údarás Áitiúil Laoise ar chaighdeán a gcuid Gaeilge agus ar chomh toilteanach is a bhíodar déileáil le custaiméirí tri mheán na Gaeilge.
4. d' Fhreastail Foireann Ghnóthaí Corparáideacha ar sheimineár ar ullmhúchán Scéim na Gaeilge. Labhair cainteoirí ag an seimineár seo faoi ghnéithe difriúla de Scéim na Teanga agus bhí ionadaí ón Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Coimisinéir Teanga agus oifigeach Gaeilge údarás áitiúil a bhí gafa tríd an bpróiseas teacht ar chinneadh faoi scéim cheana féin.

# CAIBIDIL a 2

## *Achoimre ar Sheirbhísí á soláthar ag Rannóga na Comhairle agus ar leibhéil chaighdeán na Gaeilge*

### Brollach

Leagann an Chaibidil seo amach mar atá cúrsaí i leith an tsoláthair ag rannóga éagsúla laistigh de Údaráis Áitiúla Laoise agus i leith leibhéal cumas na Gaeilge i ngach ceann díobh san.

Faoi láthair. níl aon rannóg Chomhairle in ann seirbhís chuimsitheach a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus Béarla.

Tá an leibhéal is ísle ins na rannóga seo a leanas chun gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge:

| | | |
|---|---|---|
| Leabharlanna | Gnóthaí Corparáideacha | Pleanáil |
| Rannóg na h-Ealaíne | Tithíocht | Seirbhísí Uisce |

Braitheann an tseirbhís ar láithreacht daoine faoi leith atá in ann an tseirbhís a thabhairt.

**<u>Tionscnaimh atá ar fáil faoi láthair ag Údaráis Áitiúla Laoise</u>**

- De réir ár bPlean Corparáideach 2004-2009, sé polasaí na Comhairle faoi Cúram agus Fáiltiú Custaiméirí ná "Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn"
- Tá an Chairt um Ghearáin na gCustaiméirí againn á léiriú go forleathan i nGaeilge agus i mBéarla.
- Tá d'aidhm ag ár bPlean Ealaíne 2006-2011 "Tacú mar is cuí le Gaeilge agus le teanga na Gaeilge trí na h-Ealaíona éagsúla uile."
- Tá rún daingean ann tacú le teanga na Gaeilge inár Seirbhís Leabharlainne. Tá ár stoc de leabhair Ghaeilge á chothabháil mar is gnáth agus cuireadh leis le déanaí trí leithdháileadh deontais ar bhonn eisceachta chun é a fhorbairt níos mó. Tá ár bPlean Leabharlainne cúig bhliana ar fáil sa dá theanga. Tugtar tacaíocht ghníomhach do Sheachtain na Gaeilge gach bliain trí Scéalaíocht agus trí léamh filíochta Gaeilge inár leabharlanna áitiúla. Tugann na Rannóga Ealaíona agus Gnóthaí Corparáideacha tacaíocht do Sheachtain na Gaeilge, chomh maith.
- Tá gné an dátheangachais bainteach le Fáiltithe Cathartha agus le luanna againn. Tá na mór-fhoilseacháin chorparáideacha, m.sh. An Tuairisc Bhliantúil, foilsithe sa dá theanga
- Tá ár stáiseanóireacht, lena luaitear páipéar nótaí, nótaí dea-mhéine, agus araile dátheangach.
- Tá an Fógra Cruinnithe curtha go dtí n' ár mbaill tofa i nGaeilge agus i mBéarla.
- Tá roinnt d'ár bhfoirmeacha iarratais le h-aghaidh seirbhísí dátheangach.
- Tá baint againn le Dáil na nÓg go náisiúnta a ritheann a cuid ghnó trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
- Tá na foirmeacha iarratais uile le haghaidh phost sa Chomhairle dátheangach.

## <u>CAIBIDIL a 3</u>

### *Gealltanais tugtha faoi scáth Scéim na Gaeilge ag Údaráis Áitiúla Laoise*

Bunófar foireann cur i bhfeidhm a dhéanfaidh ionadaíocht ar cheantair fheidhmeacha na Comhairle. Forbrófar plean cur i bhfeidhm ag an bhfoireann mar aon le sceideal na mbeart atá riachtanach chun go slánófaí gealltanais na Scéime.

**1. Doiciméid Scríofa**

1. Faoi dheireadh na Scéime seo (3 bhliain) beidh gach foirm iarratais <u>nua</u> agus bileoga a ghabhann leo á gcur amach ag Údaráis Áitiúla Laoise, ar fáil i nGaeilge

agus i mBéarla agus in-íoslódáilte ónár ngréasán. Beidh na foirmeacha iarratais agus na bileoga a ghabhann leo, nuair atáid tógtha suas chun dáta ar fáil dátheangach.

2. Beidh na foirmeacha iarratais agus na bileoga thuasluaite ar fáil laistigh de aon chlúdach amháin ach sa chás nach bhfuil sin praiticiúil de bharr méid nó nádúr an doiciméid. Soláthrófar eagráin éagsúla Béarla agus Gaeilge i gcásanna dá leithéid. Leanfar ar aghaidh ag foilsiú doiciméad de ábhair theicniúla i mBéarla amháin.
3. Beidh na doiciméid pholasaí mhóra sa todhchaí seo a leanas ar fáil ar an ngréasán i nGaeilge agus i mBéarla agus ar CD-ROM
    a. An Tuairisc Bhliantúil
    b. An Plean Corparáideach
4. Faoi dheireadh 2009, beidh na Fógraí faoi Athnuachan Ceadúnas Gadhar dátheangach.
5. Faoi dheireadh na Scéime, beidh beannú oscailte agus cúpla focal ag deireadh gach comhfhreagras as Gaeilge.
6. Ó thosach na Scéime beidh gach preaseisiúint sa todhchaí agus ráitis leis na meáin, a bhaineann leis an nGaeilge, dátheangach. Beidh ar a laghad dhá phreaseisiúint dhátheangacha/ráitis/fógraí a bhaineann le gnéithe eile eisithe in aghaidh na bliana ag Údaráis Áitiúla Laoise.

**2. Teicneolaíocht Eolais**

1. Ó thosach na Scéime seo beidh séanadh r.phoist faoi iamh ag deireadh gach ríomhphoist. Beidh seoladh r.phoist cineálach bunaithe gur féidir ceisteanna a bhaineann leis an nGaeilge a bheith curtha chuige.
2. Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as an ngréasán www.laois.ie ina bhfuil eolas faoi Chomhairlí Bhaile Phort Laoise agus Móinteach Mílic. Faoi dheireadh na Scéime seo (3 bhliain) beidh gach ábhar statach ar leathanach bhaile an ghréasáin ar fáil dátheangach. Ina theannta san beidh gach ábhar statach i leathanaigh bhaile na Pleanála, na Tithíochta, na mBóthar, an Chomhshaoil agus Uisce, Só agus Chultúir, an Phobail agus Saoil, Gnó agus Rannóga Do Chomhairle den ngréasán ar fáil dátheangach.
3. Beidh leathanaigh bhreise de rannóga Do Chomhairle-se den ngréasán, agus an rannóg Chomhairliúcháin & Aiseolais san áireamh, ar fáil dátheangach faoi dheireadh na Scéime (3 Bhliain).
4. Dá dtarlódh go mbeadh aon ghréasán nua curtha ar fáil ag Údarás Áitiúla Laoise le linn tréimhse na Scéime, táthar ar aon aigne go mbeidh cuid den suíomh dátheangach.
5. Tá Údaráis Áitiúla Laoise, mar atá amhlaidh leis an chuid is mó des na h-údaráis áitiúla eile ag braith ar *Bhord Seirbhísí Ríomhairí an Rialtais áitiúil* do a lán dá gcórais a sholáthar. Beimid ag cur iarratais isteach chuig an mBord córais nua a sholáthar a bhféadfadh déileáil leis an nGaeilge. Ina theannta san, déanfaidh an Chomhairle achainí ar an mBord a dheimhniú, i gcás go bhfuil uasghrádú le déanamh ar an gcóras ríomhaireachta atá ann cheana, go mbeidh an córas athraithe in ann déileáil leis an nGaeilge.

6. Aon seirbhís idirghníomhach a cheadaíonn don bpobal i gcoitinne iarratais a dhéanamh nó cabhair a fháil ar líne, atá curtha isteach le linn saol-ré na Scéime, beidh se tógtha isteach ag an am gcéanna san dá theanga.
    a. Déanfar uasghrádú ar sheirbhísí idirghníomhacha atá ann cheana a luaithe is cheadaíonn acmhainní agus an brú ó obair eile é. Beidh seirbhís idirghníomhach amháin eadhon "Contact Us" ("Déan Teagmháil Linn") atá ann cheana uasghrádaithe chuig stádas dátheangach laistigh den chéad trí bhliain eile.
    b. Beidh rannóg na Gaeilge den Inlíon bunaithe mar thaca agus mar acmhainn don bhfoireann. Déanfar scrúdú ar an bhféidearthacht foclóirí Gaeilge leictreonacha d'úsáid laistigh den eagraíocht ag an bh-Foireann Chur i bh-Feidhm

**3. Cumarsáid**

1. Gach teideal cinn-leathanaigh agus bun-leathanaigh inár gcuid fógraíochta do bheith i nGaeilge.
2. Ta an Fáiltiú mar an chéad pointe teagmhála leis an bpobal. Ag cloí le h-ard-chaighdeán na seirbhíse a thugann Údaráis Áitiúla Laois dá gcustaiméirí beidh gealltanas go mbeidh na nithe seo a leanas in áit tar éis bliana amháin ó thosach na Scéime:
    - Beannóidh an fhoireann fáilte agus foireann an mhalartáin lena gcustaiméirí teileafóin as Gaeilge, mar aon le h-ainm na h-eagraíochta a thabhairt i nGaeilge, chomh maith.
    - Beidh na beannachtaí bunúsacha sa Ghaeilge ar a dtoil acu.
    - Beidh socruithe déanta inar féidir le ball an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, le ball na foirne a labhróidh leis an gcustaiméir trí Ghaeilge. Murar féidir le ball sin na foirne déileáil leis an gceist láithreach bonn baill cuirfear é os comhair na h-oifige cuí le haghaidh iar-ghlaoigh/teagmhála.
3. Beidh an phaidir agus an beannú ag cruinnithe an Chomhairle Bhaile agus an Chomhairle Chontae as Gaeilge.
4. Spreagfar baill tofa gur mian leo labhairt as Gaeilge ag Cruinnithe na Comhairle chun é sin a dhéanamh.
5. Ag críoch na Scéime, beidh ábhar Gaeilge san mbeannú agus i ráiteas oscailte gach ócáid phoiblí agus ag oscailtí oifigiúla na Comhairle. Má theastaíonn ó aoinne labhairt as Gaeilge ag ócáidí dá leithéid nó ag cruinnithe poiblí tabharfar an chaoi sin dó.
6. Beidh ábhar éigin Gaeilge san ráiteas oscailte ag cruinnithe uile Chomhairle na nÓg.
7. Beidh ráiteas fáilte i nGaeilge agus i mBéarla ag searmanais na nduais d'ógánaigh gurab an Chomhairle a chuir tús leo, as seo amach.
8. Déanfaimid iniúchadh ar fhéidearthacht earcú a dhéanamh ar Oifigeach Gaeilge lán-aimsire do Chomhairle Chontae Laoise.
9. Faoi dheireadh na Scéime, tar éis traenála agus leithdháileadh na n-acmhainn beidh ár Seirbhísí Leabharlanna sa Mhaighean Rátha, i gCúl a tSúdaire, i bPort

Laoise, i d-Tigh Mochua , agus i Rannóg an Staidéir Áitiúil in ann seirbhís cuntair duine le duine a sholáthar trí Ghaeilge, mar a éilítear.

10. Oibreoidh An Chomhairle leis agus déanfaidh sí iarracht aontú leis an bhfoireann, go bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge thar réimse seirbhísí. Ainmneofar an fhoireann sin, lena gcead, d'ár gcustaiméirí ar ár ngréasán.

**4 Traenáil agus Forbairt**

- Go ginearálta spreagfar foireann na Comhairle agus na baill tofa agus soláthrófar traenáil dóibh chun a scileanna a fheabhsú go leanfadh úsáid bhreise na Gaeilge é tríd an eagraíocht, ag braith ar na h-acmhainní riachtanacha do bheith ar fáil.
- Beidh feasacht a fheabhsú ar an nGaeilge mar chuid de Ionduchtú agus de thraenáil san Seirbhís do Chustaiméirí.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis na Scoláireachtaí Gaeltachta, arna threorú ag Gaeleagras, chun scileanna comhrá as Gaeilge a neartú ag braith ar na h-acmhainní riachtanacha a bheith ar fáil.
- Éascófar múineadh na n-oifigeach agus /nó na mball, go h-áitiúil, gur mian leo feabhas a chur ar a nGaeilge labhartha ag ócáidí poiblí.
- Úsáidfear ráitis Gaeilge i nuachtlitir foireann na Comhairle *"Imeachtaí"* agus táthar ag súil go dtógfaidh an Fhoireann Chur i bh-Feidhm an fhoireann suas chun dáta ar an ndul chun cinn trí ailt rialta agus araile.

**5 Logainmneacha**

- I gcomhcheangal le haidhmeanna Phlean Oidhreachta Laoise agus le linn a thréimhse 2007 – 2011 beidh ainmchláir dhátheangacha curtha in airde ag teorainn Bhailte Fearainn áirithe, chun feasacht faoi ainmneacha traidisiúnta a spreagadh, ag braith ar an gcistíocht atá ar fáil.
- Cuirfidh Coiste Logainmneacha Chomhairle Chontae Laoise úsáid na Gaeilge, cultúr agus oidhreacht chun cinn nuair a bheidh siad ag machnamh ar mholtaí faoi ainmneacha a chur ar fhorbairtí, m.sh. eastáit, sráideanna, ionaid siopadóireachta agus araile.

## CAIBIDIL a 4

### *Fógairt, Cur i bhfeidhm agus Athbhreithniú na Scéime*

**Fógairt na Scéime**

Fógrófar an Scéim trí bhíthin

- Preaseisiúint
- Gréasán na Comhairle agus inlíon
- Seoladh chuig na gníomhaireachtaí iomchuí, chuig comhairlí poiblí agus chuig daoine aonaracha a deir go bhfuil suim acu ina leithéid.

Beidh cóip den Scéim curtha ar aghaidh chuig An Coimisinéir Teanga

**Ag Cur na Scéime i bhfeidhm agus á h-Athbhreithniú**

Ullmhóidh Údaráis Áitiúla Laoise plean cur i bhfeidhm do shaol-ré na Scéime agus déanfaidh siad athbhreithniú ar dhul chun cinn go bliantúil. Cuirfear in iúl do Fhoireann Bhainistíochta na Comhairle ar an ndul chun cinn in aghaidh na ráithe agus beidh mion-shonraí ar fheidhmíocht na bliana inár dTuairisc Bhliantúil. Cuirfear tuairisc dhul chun cinn os comhair ár gComhairle ar bhonn bliantúil.

**Sé an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.**